

- Go mbeadh cur chuige láidir foirne againn maidir le comhoibriú sna Rannóga Ábhair.
 - Go méadódh líon na scoláirí a úsáideann leabharlann na scoile uair sa tseachtain ó 8% go 15%. Go mbeadh comhoibriú idir léitheoirí/ scoláirí na scoile agus leabharlannaí/múinteoirí Béarla na scoile maidir le ábhar cuí léitheoireachta a cheannach don leabharlann.
 - Go méadódh an líon scoláirí nach gcaitheann ach uair a chloig sa t-seachtain go uair go leith ó 38% go 43%.
 - Go laghdófaí an 30% scoláirí nach maith leo rud ar bith a léamh go 25%.
 - Go laghdófaí an 61% de scoláirí nach n-úsáideann an leabharlann go 55%.
 - Go gcoinneófar líon na scoláirí a thógann páipéir Ard Leibhéil 'sna Scrúduithe Stáit chomh h-ard agus is féidir ag brath ar chaighdeán acadúil na scoláirí.
 - Tinreamh ár scoláirí a fheabhsú.
- Ábhair (uair sa téarma ar a laghad) agus miontuairiscí a bheith coinnithe
- Roimh Nollaig 2014, déanfar infheistiú in ábhar léitheoireachta do dhéagóirí i leabharlann na scoile i gcomhairle le daltaí agus múinteoirí na scoile chomh maith le comhairle a ghlacadh ón Roinn Oideachais.
 - Ábhar léitheoireachta spéisiúil, spreagúil a chur ar fáil dóibh. “*Drop Everything and Read*” a eagrú go minic.
 - Díriú isteach ar rudaí a bhfuil spéis acu iontu agus ábhar léitheoireachta spéisiúil a chur ar fáil dóibh.
 - Ábhar léitheoireachta a thaithníonn leo a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfuil amanta oscailte na leabharlainne le feiceáil go soiléir.
 - Spreagfar na scoláirí le páipéir Ard Leibhéil a thógáil 'sna Scrúduithe Stáit má ceaptar go bhfuil cumas acu A nó B a fháil i bpáipéir Gnáth Leibhéil.
 - Polasaí Tinrimh a réiteach i 2014 le aird tuismitheoirí/scoláirí a dhíriú ar thábhacht freastal ar scoil.

Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí cuidiú linn trí a chinntiú

- Go bhfreastlaíonn an scoláire/na scoláirí ar scoil go rialta.
- Go mbeidh na h-acmhainní atá ag teastáil ó na scoláirí acu do gach ábhar.
- Go mbeidh áit feiliúnach compordach ag scoláirí lena gcuid obair bhaile a dhéanamh agus go ndéanann scoláirí a gcuid staidéir / obair bhaile.
- Go ndéanfaí an Dialann Scoile a sheiceáil agus a shíniú mar is cóir.
- Go bhfreastlaíonn siad ar Chruinnithe Múinteoirí-Tuismitheoirí.